Foirm Iarratais ar Chead Foghlaimeora D201

Léigh na treoirnótaí atá leis seo le do thoil sula gcomhlánóidh tú an fhoirm seo. **Comhlánaigh an fhoirm seo i mbloclitreacha le peann gránbheara dubh. Cuir X sna boscaí cuí e.g.** ☒ Ná déan fótachóip den fhoirm seo mar go bhféadfadh sé an cháilíocht a ísliú agus d'fhéadfaí d'iarratas a mhoilliú nó a dhiúltú.

RSA NDLS

National Driver Licence Service

An tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána

Cuid 1: Sonraí Pearsanta (Feic Cuid 1 de na treoirnótaí atá leis seo) *Réimse éigeantach

1. An raibh cead foghlaimeoa agus/nó ceadúnas tiomána agat in Éirinn cheana?* Bhí ☐ Ní ☐

raibh Má bhí cé acu? Cead Foghlaimeora ☐ Ceadúnas Tiomána ☐

Uimhir an tiománaí* (má tá sé ar eolas)

(Tá sé seo le fáil ar Réimse 5 den cheadúnas páipéir nó i Réimse 4d den cheadúnas plaisteach.)

2. Teideal An t-Uasal ☐ Bean ☐ Iníon ☐ Uasal ☐ Eile (sonraigh le do thoil)

Ainm le bheith ar an gcead. Is gá aitheantas grianghraif inghlactha a chur ar fáil san ainm seo. Feic liosta 1 ar leathanach 2 de na treoirnótaí.

3. Céadainm (neacha)*

4. Sloinne*

Mar a fheictear é ar do theastas breithe

5. Ainm iomlán

6. Má d'athraigh do shloinne ó eisíodh do chead foghlaimeora deiridh tabhair an chúis

Pósadh/ Páirtnéireacht sibhialta ☐ Gníomhais Aonpháirtí ☐ Ainm Gaeilge á úsáid ☐ Colscaradh/ Scaradh ☐

Ainmneacha roimhe seo

Ní mór go mbeadh an cruthúnas ar sheoladh a thugtar díreach mar a chéile leis an seoladh a thugtar thíos. Feic liosta 2 ar leathanach 2 de na treoirnótaí.

7. Seoladh 1*

Seoladh 2

Baile*

County/City* Éirchód Úsáid Oifigiúil ☐

8. Dáta breithe* Lá Mí Bliain

Má tá tú 70 bliain d'aois nó níos sine nó má théann do cheadúnas reatha in éag ar an oíche roimh do 70ú Breithlá, beidh tuairisc leighis bhailí ag teastáil.

9. Inscne* Fireann ☐ Baineann ☐

10. UPSP*

Ní mór cruthúnas UPSP bunaidh a chur ar fáil. Feic liosta 3 ar leathanach 2 de na treoirnótaí

Má rugadh tú i bPoblacht na hÉireann, luaigh an Contae. Má rugadh tú taobh amuigh de Phoblacht na hÉireann, luaigh an tír

11. Áit bhreithe*

12. Uimh. shoghluaiste* Baile

Seoladh ríomhphoist*

(Úsáidfidh NDLS na sonraí teagmhála seo le teagmháil a dhéanamh leat i gcás saincheisteanna le d'iarratas, seoladh amach do cheadúnais agus meabhrúcháin athnuachana amach anseo.)

Cuid 2: Sonraí an Chead Foghlaimeora (Feic Cuid 2 de na treoirnótaí atá leis seo) *Réimse éigeantach

13 (a). Cineál iarratais*:

- Iarratas céaduaire ar chead foghlaimeora. Feic rogha 1 ar an seicliosta ☐
- Cuir leis/bain catagóir. Feic rogha 3 ar an seicliosta ☐
- Athrú le sonra pearsanta. Feic rogha 5 ar an seicliosta ☐
- Tá ceadúnas tiomána iomlán agam agus tá iarratas á dhéanamh agam ar chead foghlaimeora i gcatagóir éagsúil Feic rogha 7 ar an seicliosta ☐
- Cead foghlaimeora a Athnuachan. Feic rogha 2 ar an seicliosta ☐
- Cead foghlaimeora caillte nó goidte a ionadú. Feic rogha 4 ar an seicliosta ☐
- Ceadúnas damáistithe a ionadú Feic rogha 6 ar an seicliosta ☐
- Eile(Cúis): _____

13(b). Má bhaineann d'iarratas leis an riachtanas chun tástáil tiomána/oiliúint tiománaí a dhéanamh tar éis tréimhse cháilithe, tabhair an tréimhse dícháilithe.

Ó ☐☐☐☐☐☐ Chuig ☐☐☐☐☐☐

Sonraí aon choinníll a bhaineann leis an dícháiliú. _____

14.* Tabhair le fios anseo an chatagóir nó na catagóirí gur mian leat iarratas a dhéanamh orthu.
I gcomhair sainmhíniú ar na catagóirí feic leathanach 4 de na treoirnótaí

Catagóirí Ghrúpa 1	Riachtanach cuir tic le do thoil	Nótaí	Catagóirí Ghrúpa 1	Riachtanach cuir tic le do thoil	Catagóirí Ghrúpa 2	Riachtanach cuir tic le do thoil	Nótaí	Catagóirí Ghrúpa 2	Riachtanach cuir tic le do thoil
AM		Feic ar na treoirnótaí a ghabhann leis seo i ndáil le riachtanais iarratais	B		C		Tabhair faoi deara. Is gá tuairisc leighis arna dhátú laistigh de mhí amháin ón iarratas a bheith le hiarratais i gcatagóirí ghrúpa 2. Feic chomh maith na treoirnótaí a ghabhann leis seo i ndáil le riachtanais CPC	D	
A1			BE		CE			DE	
A2			W		C1			D1	
A					C1E			D1E	

15.* Nuair a fhaightear an cead foghlaimeora seo, an mbeidh ceadúnas agat a d'eisigh tír eile? Beidh ☐ Ní ☐

bheidh Má fhreagair tú 'Beidh', tabhair sonraí thíos:

Tír eisiúna ☐☐☐☐☐☐

Cuid 4: Feiliúnacht Tiománaí (Feic Cuid 4 de na treoirnótaí atá leis seo) *Réimse éigeantach

Má fhreagraíonn tú go dearfach le ceann ar bith de cheisteanna 19 go 39 nó le 40(c) thíos, beidh ort tuairisc leighis arna dhátú laistigh de mhí amháin ó dháta an iarratais a chur isteach

18.* An gá duit spéaclaí nó lionsaí a chaitheamh agus tú ag tiomáint? Is gá ☐ Ní ☐
(Más gá, cuirfear Cód 01 le do cheadúnas)

Má d'fhreagair tú 'Is gá' leis an gceist seo cheana agus tú ag freagairt 'Ní gá' aNílis ní mór duit tuairisc reatha um radharc na súl a chur ar fáil le d'iarratas.

Sláinte agus Feiliúnacht

An bhfuil aNílis nó an raibh riamh, aon cheann de na coinníollacha a leanas ag gabháil duit?

19. * Diaibéiteas agus tú ag tógáil insline nó atá á bhainistiú le táibléid lena mbaineann riosca hipiglicéime a spreagadh e.g. sulphonylureas. (Iarr ar do dhochtúir an bhfuil sulphonylureas nó leighis eile á dtógáil agat a bhfuil riosca hipiglicéime ag baint leo.) Níl aon ghá insint dúinn má tá sé á bhainistiú le haiste bia amháin nó le leighis eile nach bhfuil riosca hipiglicéime a spreagadh leo Tá ☐ Níl ☐

20.*Titimeas Tá ☐ Níl ☐

21.* Stróc nó TIAnna[1] le haon siomtóim bhainteacha a mhaireann níos faide námí amháin Tá ☐ Níl ☐

22.* Taomanna nó meirfin Tá ☐ Níl ☐

23.* Aon chineál obráid inchinne, neascóid inchinne nó gortú cinn tromchúiseach lena mbaineann cóir leighis cónaitheachnó siad inchinne nó gortú dromlaigh nó siad dromlaigh Tá ☐ Níl ☐

24.* Séadaire croí ionphlandáilte Tá ☐ Níl ☐

25.* Dífhibrileoir croí ionphlandáilte (ICD)[2] Tá ☐ Níl ☐

26.* Taomanna leanúnacha de mheadhrán díchumasaithe Tá ☐ Níl ☐

27.* Aon riocht néareolaíoch ainsealach eile cosúil le scléaróis iolrach, galar néarón luadrach nó galar Huntington Tá ☐ Níl ☐

28.* Fadhb mhór le cuimhne nó tréimhsí mearbhaill[3] Tá ☐ Níl ☐

29.* Mí-úsáid nó spleáchas leanúnach alcóil Tá ☐ Níl ☐

30.* Mí-úsáid nó spleáchas leanúnach drugaí Tá ☐ Níl ☐

31.* Tinneas síciatrach nó fadhbanna meabhairshláinte tromchúiseacha[3] Tá ☐ Níl ☐

32.* Galar Parkinson Tá ☐ Níl ☐

33.* Siondróm Aipnia Chodlata Tá ☐ Níl ☐

34.* Narcailéipse Tá ☐ Níl ☐

35.* Aon riocht eile a chuireann isteach ar d'amharc forimeallach Tá ☐ Níl ☐

36.* Caillteanas amhairc iomlán i súil amháin Tá ☐ Níl ☐

37.* Aon riocht a chuireann isteach ar an dá shúil, nó ar an súil atá fágtha mura bhfuil agat ach súil amháin (ní áirítear dathdhaille nó gearr-radhairc nó fadradhairc) Tá ☐ Níl ☐

38.* Laige tromchúiseach éisteachta atá éirithe níos measa ó d'iarratas/d'athnuachan deiridh Tá ☐ Níl ☐

39.* Míchumas foghlama tromchúiseach[3] Tá ☐ Níl ☐

40.* (a) Aon fhadhbanna leanúnacha le lámha nó cosa ar gá duit feithicil uathoibríocha thiomáint mar gheall air Tá ☐ Níl ☐

40.* (b) Aon fhadhbanna leanúnacha le lámha nó cosa ar gá duit feithicil oiriúnaithe a thiomáint mar gheall air Tá ☐ Níl ☐

40. (c) Má chuir tú tic le tá i gceist 40(a) nó 40(b) an bhfuil do riocht éirithe níos measa ó d'iarratas/d'athnuachan deiridh. Tá ☐ Níl ☐

[1]Is ionann ruaig tras-iscéimeach (TIA) agus imeacht le siomtóim stróc a mhaireann níos lú ná 24 uair an chloig sula n-imíonn sé (tugtar mionstróc air uaireanta). Cé nach mbíonn damáiste inchinne buan mar thoradh ar TIA, rabhadh tromchúiseach atá iontu de stróc.

[2]Gaireas leictreonach atá i nDífhibrileoir Cairdiach Ionchlannán (ICD) a dhéanann monatóireacht ar do chroí go leanúnach. Tá an ICD socraithe le rithimí croí neamhghnácha tapa nó mall a bhrath.

[3]Mura bhfuil tú cinnte, téigh i dteagmháil le do dhochtúir teaghlaigh.

D'fhéadfaí faisnéis bhreise áirithe, srianta nó coinníollacha le comhlánú ag an tiománaí a bhaineann le sealbhú cead foghlaimeora a nótáil ar an gCead i bhformáid códaithe. Tá tuileadh faisnéise maidir leis na cóid le fáil sa litir mhínithe a eisíodh le do Chead agus ar **www.ndls.ie**

Cuid 5: Dearbhú an Iarrthóra (Feic Cuid 5 de na treoirnótaí atá leis seo) *Réimse éigeantach

41.* Tuigim: (i) de réir Alt 22A den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna leasú, nach féidir le duine iarratas a dhéanamh ar chead foghlaimeora nó ar cheadúnas tiomána fad is atá siad dícháilithe in Éirinn, san AE/LEE nó i stát aitheanta, (seachas dícháiliú phointí pionóis in Éirinn nó iad sin dá dtagraítear i gceist 13(b) den fhoirm seo) agus (ii) is cion atá ann faoi Alt 115 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna leasú, faisnéis bhréige nó mhíthreorach a sholáthar go feasach mar thacaíocht le m'iarratas. Dearbhaím (i) gurb í Éire mo ghnátháit chónaithe, agus (ii) nach bhfuil mé dícháilithe faoi láthair (seachas dícháiliú phointí pionóis nó iad sin dá dtagraítear i gceist 13(b) den fhoirm seo) in Éirinn, san AE/LEE nó i stát aitheanta.

NÍ MÓR DON DUINE LENA BHFUIL AN CEAD FOGHLAIMEORA Á EISIÚINT AN DEARBHÚ SEO A SHÍNIÚ

Síniú an Iarratasóra
(Coinnigh an síniú sa bhosca)

Lá ☐☐ Mí ☐☐ Bliain ☐☐☐☐

Seicliosta Iarratais ar Chead Foghlaimeora

Ní mór duit iarratas a dhéanamh tú féin ag aon ionad NDLS. Féadfaidh tú coinne a shocrú trí ag www.ndls.ie

Do gach iarratas ar chead foghlaimeora ní mór duit na nithe seo a sholáthar;

- Foirm Iarratais ar Chead Foghlaimeora D201 (Comhlánaithe go hiomlán) ☐
- Cead foghlaimeora reatha/is déanaí ☐
- Mura bhfuil do chead foghlaimeora is deireanaí agat ní mór duit dearbhú um cheadúnas caillte chomhlánaithe agus aitheantas grianghrafadóireachta a chur i láthair (ceist 16 ar D201) ☐
- Foirm leighis NDLS (arna dhátú laistigh de 1 mhí) más gá (feic leathanach 3 de na treoirnótaí) ☐
- Fianaise CPC más gá (feic leathanach 3 de na treoirnótaí) ☐
- Fianaise UPSP (liosta 3 ar leathanach 2 de na treoirnótaí) ☐
- Má d'athraigh an seoladh ó eisíodh do chead foghlaimeora deiridh, ní mór duit fianaise an tseolta nua a chur ar fáil (feic liosta 2 de na treoirnótaí, ní mór dáta laistigh de 6 mhí bheith air) ☐
- Aitheantas Grianghrafadóireachta (liosta 1 ar leathanach 2 de na treoirnótaí) ☐
- Fianaise ar theidlíocht chónaitheachta (feic liosta 4 ar leathanach 2 de na treoirnótaí) ☐
- Táille ábhartha (feic leathanach 1 de na treoirnótaí) ☐
- Gabhfar do Ghrianghraf agus do shíniú ag an oifig NDLS ☐

Teastaíonn an fhaisnéis seo a leanas agus iarratas á dhéanamh ar;

Rogha 1 – Cead Foghlaimeora Céaduaire

- Teastas pas na tástála teoirice (arna dhátú laistigh de 2 bhliain) ☐
- Foirm um Thuairisc ar Radharc na Súl D502 (Comhlánaithe ina iomláine) (arna dhátú laistigh de 1 mhí) ☐
- Fianaise ar sheoladh arna dhátú laistigh de 6 mhí. (Feic liosta 2 ar leathanach 2 de na treoirnótaí.) ☐

Rogha 2 – Cead foghlaimeora a athnuachan

- Má tá iarratas á dhéanamh agat ar an tríú cead nó aon chead foghlaimeora ina dhiaidh sin, ní mór duit fianaise cháipéisíochta a léiriú gur thóg tú tástáil tiomána (ráiteas ar thoradh tástáil tiomána) nó aitheantas ar thástáil atá ag teacht aníos a thaispeáint ☐

Rogha 3 – Catagóir a chur le do Chead Foghlaimeora

- Teastas pas na tástála teoirice más infheidhmithe (arna dhátú laistigh de 2 bhliain) ☐
- Cead Foghlaimeora Reatha ☐
- Foirm NDLS chomhlánaithe, más infheidhmithe. (arna dhátú laistigh de 1 mhí) ☐

Rogha 4 – Cead Foghlaimeora caillte nó goidte a ionadú

- Dearbhú um cheadúnas caillte comhlánaithe (feic ceist 17 ar an bhfoirm iarratais) ☐
- Aitheantas Grianghrafadóireachta. (feic liosta 1 ar leathanach 2 de na treoirnótaí) ☐

Rogha 5 – Sonraí Pearsanta a Athrú

- Fianaise ar athrú ainm má tá an t-ainm á athrú (feic www.ndls.ie nó leathanach 1 de na treoirnótaí) ☐
- Fianaise ar sheoladh nua (arna dhátú laistigh de 6 mhí) má tá an seoladh ag athrú (feic liosta 2 ar leathanach 2 de na treoirnótaí) ☐
- Foirm NDLS chomhlánaithe (arna dhátú laistigh de mhí amháin) má d'athraigh do shonraí leighis (feic 3 ar na treoirnóta) ☐

Rogha 6 – Cead foghlaimeora damáistithe a ionadú

- Aitheantas Grianghrafadóireachta (feic liosta 1 ar leathanach 2 de na treoirnótaí) ☐
- Ceadúnas Tiomána damáistithe ☐

Rogha 7 – Tá ceadúnas tiomána iomlán agam agus tá iarratas á dhéanamh agam ar chead foghlaimeora i gcatagóir éagsúil

- Teastas pas na tástála teoirice (más infheidhmithe) (arna dhátú laistigh de 2 bhliain) ☐
- Cead Foghlaimeora Reatha ☐
- Ceadúnas Iomlán reatha ☐

BÍONN IONAID NDLS AR OSCAILT Ó LUAN GO HAOINE 9.00AM – 5.00PM (AM LÓIN SAN ÁIREAMH) AGUS AR AN SATHARN 9.00AM – 2.00PM. TABHAIR CUAIRT AR WWW.NDLS.IE CHUN LÉARSCÁIL AGUS SEOLADH AN IONAID IS GAIRE DUIT A FHÁIL NÓ ÍOSLÓDÁIL AIP AN NDLS.

Cosaint Sonraí

Caithfidh an RSA leis an bhfaisnéis agus leis na sonraí pearsanta ar fad a thugann tú go rúnda. Tá an fhaisnéis a iarrtar ar an bhfoirm seo riachtanach chun críocha d'iarratas ar chead foghlaimeora/cheadúnas tiomána nua a phróiseáil. Ní phróiseálfaidh an RSA agus/nó a ghníomhairí an fhaisnéis a chuirtear ar fáil i d'iarratas ach amháin chun d'iarratas a phróiseáil, chun oibleagáidí a chur i gcrích, chun seirbhísí a chur ar fáil duit agus chun ár gcaidreamh leat a bhainistiú.

Féadfaidh an RSA na sonraí pearsanta a nochtadh go hinmheánach agus dá ghníomhairí, dá chonraitheoirí agus dá sholáthraithe seirbhíse sa mhéid is atá riachtanach go réasúnach chun na críocha a ndéantar cur síos orthu thuas. D'fhéadfaí an fhaisnéis sin a roinnt freisin le haonáin eile ach mar a cheadaítear de réir an dlí amháin. D'fhéadfadh sonraí pearsanta a bheith faoi réir nochta faoi Alt 60 den Acht Airgeadais, 1993 (Uimh. 13 de 1993) arna leasú ag Alt 86 den Acht Airgeadais, 1994 (Uimh. 13 de 1994) agus rialacháin arna ndéanamh faoi sin. D'fhéadfaí sonraí um Aitheantas Seirbhíse Poiblí a thugann tú a úsáid chun d'Aitheantas Seirbhíse Poiblí a chothabháil/fhíordheimhniú, faoi Alt 262(5) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005 (arna leasú). Ní féidir Sonraí Aitheantais Seirbhíse Poiblí a roinnt ach le comhlachtaí poiblí eile faoin bhforáil seo.

Próiseálfaidh an RSA do cuid sonraí de réir a oibleagáidí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus Rialachán (AE) 2016/679 – an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR). Áirítear anseo gach céim réasúnach a ghlacadh (lena n-áirítear bearta slándála teicniúla agus eagraíochtúla cuí) chun sonraí pearsanta a chosaint. Féadfar leagan leictreonach den fhaisnéis atá san iarratas seo a choinneáil ar feadh tréimhse 20 bliain.

Tá na cearta seo a leanas agat, i gcúinsí áirithe agus faoi réir srianta áirithe, i ndáil le do chuid Sonraí Pearsanta: An ceart chun do chuid Sonraí Pearsanta a rochtain; An ceart chun do chuid Sonraí Pearsanta a cheartú agus/nó a scriosadh; An ceart chun úsáid do chuid Sonraí Pearsanta a shrianadh; An ceart chun cur i gcoinne phróiseáil do chuid Sonraí Pearsanta; An ceart chun dearmad a dhéanamh ort i gcúinsí áirithe; agus An ceart chun do chuid Sonraí Pearsanta, a chuir tú ar fáil dúinn, a fháil i bhformáid struchtúrtha a úsáidtear go coitianta agus atá inléite ar inneall a fháil nó a éileamh orainn na sonraí a tharchur chuig rialaitheoir eile.

Más mian leat leas a bhaint as ceann ar bith de na cearta seo, déan teagmháil leis an Oifig um Chosaint Sonraí ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe, Cnoc an tSabhaircín, Co. Mhaigh Eo F26 V6E4 nó trí ríomhphost chuig dataprotection@rsa.ie. Déileálfar le d'iarratas gan mhoill mhíchuí agus laistigh de mhí ó fhaightear an t-iarratas.